CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/898 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Aibreán 2023

lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas Lucsamburg,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 30 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1153 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Claire REMMY éirí as oifig.

(4) Mhol rialtas Lucsamburg Catherine PASTORET, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Conseillère communale de la Ville d'Esch-sur-Alzette* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Esch-sur-Alzette), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Catherine PASTORET, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach, *Conseillère communale de la Ville d'Esch-sur-Alzette* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Esch-sur-Alzette), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/1153 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún (IO L 256, 5.8.2020, lch. 12).

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Aibreán 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. KULLGREN